**Litir réamhdhúnta ilghearán maidir le sárú a líomhnaítear a rinne an Iodáil ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus ar chearta bunúsacha a bhaineann leis an staid éigeandála agus le bearta eile - CHAP (2022)00121**

In 2022, fuair an Coimisiún Eorpach líon mór gearán maidir le sárú a líomhnaítear a rinne an Iodáil ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus ar chearta bunúsacha a bhaineann leis an staid éigeandála agus le bearta eile. Cláraíodh na gearáin sin faoin tagairt CHAP(2022)00121.

Maíonn na gearánaigh go dteipfeadh ar an Iodáil a hoibleagáid faoi Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) a chomhlíonadh, go háirithe urraim do phrionsabal na dlíthiúlachta agus don smacht reachta, trí staid éigeandála náisiúnta a dhearbhú gan bunús dlí cuí agus trína sainchumais a bhaint de Pharlaimint na hIodáile.

Dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ba ea paindéim COVID-19, agus bhí tionchar forleathan aige sin ar an tsláinte phoiblí agus ar gach gné dár saol. Leanann an Coimisiún de bheith ag obair i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir paindéim COVID-19 na seiceálacha agus na cothromaíochtaí institiúideacha ar a bhfuil an Smacht Reachta bunaithe faoi thástáil i ngach Ballstát.

D’áitigh an Coimisiún ón gcéad lá riamh nach mór go n-urramódh na freagairtí ar phaindéim COVID-19 na bunphrionsabail agus na bunluachanna, mar a leagtar amach sna Conarthaí Eorpacha iad. Go háirithe, tá gá le grinnscrúdú lena áirithiú nach dtiocfaidh athrú níos buaine ar chothromaíocht na gcumhachtaí ar an leibhéal náisiúnta as na cumhachtaí éigeandála ar baineadh úsáid astu mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

Tá faireachán géar á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na bearta a rinne na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne COVID-19. Léiríodh torthaí an fhaireacháin sin, i gcás inarb ábhartha, sna Tuarascálacha maidir leis an Smacht Reachta 2020 agus 2021. Mar a léiríodh sna Tuarascálacha sin, léirigh na córais náisiúnta athléimneacht shuntasach.

Cé gur ón bhfeidhmeannas a tháinig cuid mhór den fhreagairt ar an ngéarchéim ar dtús, tá méadú tagtha ar an bhformhaoirseacht a rinne parlaimintí, cúirteanna agus údaráis neamhspleácha eile le himeacht ama.

Maidir le formhaoirseacht pharlaiminteach, is cosúil gur choinnigh an Iodáil freagracht na Parlaiminte as grinnscrúdú reachtach a dhéanamh ar bhearta a bhaineann leis an bpaindéim (e.g. rinneadh dlíthe foraithne a bhfuil éifeacht leo láithreach ag an bParlaimint ina ndlí) agus go bhfuil prionsabail atá leagtha síos sna dlíthe foraithne trí ghníomhartha riaracháin chun dul i ngleic leis an éigeandáil sláinte i ndáil leis an gcreat dlíthiúil curtha chun feidhme ag an Rialtas, mar a luaigh Cúirt Bhunreachtúil na hIodáile le déanaí maidir leis an tsaincheist (Cinneadh Uimh. 198 an 23 Meán Fómhair 2021).

Tá grinnscrúdú ar dhlíthiúlacht, bonn cirt agus comhréireacht bhearta COVID-19 atá á ndéanamh ag an gCúirt Bhunreachtúil (agus ag cúirteanna náisiúnta eile) ina fhrithmheáchan bunriachtanach do chumhachtaí rialtais cinntí a dhéanamh.

Léirítear san fhaireachán a rinne an Coimisiún go bhfuil forbairtí dearfacha agus samplaí dearfacha ann chun an fhreagairt dhlíthiúil agus pholaitiúil a fheabhsú tráth na géarchéime, chun an smacht reachta agus athléimneacht dhaonlathach a neartú.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú, a luaithe a cheadaíonn an staid eipidéimeolaíoch é, ní mór don Bhallstát filleadh ar ghnáthchothromaíocht cumhachta, agus ní mór do shaoránaigh lántairbhe a bhaint as a gcearta.

Dá bhrí sin, leanfar d'fhaireachán an Choimisiúin go dtí go gcuirfear deireadh leis na bearta éigeandála ar fad. A mhéid a bhaineann leis an Iodáil, d'fhógair an Rialtas go raibh deireadh leis an staid éigeandála faoin 31 Márta 2022.

Anuas air sin, ardaíonn na gearánaigh ceist úsáide intíre Dheimhniú Digiteach COVID AE (ar a dtugtar 'pas glas' ar an leagan Iodálach) chun rochtain ar iompar poiblí a rialú.

An 14 Meitheamh 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Deimhniú Digiteach COVID AE, lena leagtar amach creat coiteann maidir le deimhnithe idir-inoibritheacha maidir le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint, a fhíorú agus agus chun go nglacfaí leo chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19[1].

Le Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE, féachtar le saorghluaiseacht a éascú laistigh den Aontas trí dheimhnithe idir-inoibritheacha a nglactar go frithpháirteach leo a chur ar fáil do shaoránaigh maidir le vacsaíniú, tástáil agus aisghabháil ó COVID-19, deimhnithe ar féidir leo úsáid a bhaint astu agus iad ag taisteal. I gcás ina dtarscaoilfidh na Ballstáit srianta áirithe ar shaorghluaiseacht do dhaoine a bhfuil cruthúnas ar vacsaíniú, ar thástáil nó ar aisghabháil ina seilbh acu, tá sé d'oibleagáid orthu glacadh le Deimhnithe Digiteacha COVID AE arna n-eisiúint ag Ballstáit eile faoi na coinníollacha céanna. Tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir nach gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit, leis an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE, a chur de cheangal ar thaistealaithe go mbeidh deimhniú acu agus iad ag taisteal.

Cumhdaíonn an Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE úsáid a bhaint as an deimhniú chun taisteal laistigh den Aontas a éascú le linn phaindéim COVID-19. Is faoi na Ballstáit fós atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le húsáid intíre Dheimhnithe Digiteacha COVID AE. Ní fhorordaítear faoi dhlí an Aontais úsáid intíre Dheimhniú Dhigiteach COVID AE (amhail rochtain ar imeachtaí nó ar bhialanna), ná ní thoirmisctear an úsáid sin.

Is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh cé na bearta cosanta sláinte poiblí is iomchuí dar leo i gcomhthéacs rochtain a fháil, mar shampla, ar an láthair oibre, ar imeachtaí, ar an iompar poiblí, etc.

Má bhaineann Ballstát úsáid as deimhnithe COVID-19 chun críocha intíre, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bunús dlí sa dlí náisiúnta nach mór dó na ceanglais maidir le cosaint sonraí, i measc nithe eile, a chomhlíonadh. Ba cheart a áirithiú leis freisin go nglacfar go hiomlán le Deimhniú Digiteach COVID AE chun a áirithiú nach mbeidh ar thaistealaithe atá ag dul chuig an mBallstát sin (sa chás seo, an Iodáil) deimhniú náisiúnta breise COVID a fháil.

Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir freisin, i gcomhréir le hAirteagal 168(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a mbeartas sláinte náisiúnta a shainiú chomh maith le seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar. Dá bhrí sin, is iad na rialtais náisiúnta a chinneann na bearta sonracha bunaithe ar staid eipidéimeolaíoch agus shóisialta náisiúnta gach tíre. Go háirithe, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as beartais, cláir agus seirbhísí vacsaínithe. Tá feidhm aige sin freisin maidir le reachtaíocht maidir le vacsaíniú, lena n-áirítear ar cheart é sin a bheith éigeantach nó nár cheart. Aon cheist maidir le beartais na mBallstát ina leith sin, ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chuig na húdaráis náisiúnta atá freagrach.

Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais nach bhfuil aon chumhacht

[1] Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 (ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32021R0953).

ghinearálta ag an gCoimisiún Eorpach, faoi na Conarthaí ar ar bunaíodh an tAontas Eorpach[2], chun idirghabháil a dhéanamh leis na Ballstáit i réimse na gceart bunúsach. Ní féidir leis é sin a dhéanamh ach amháin má bhaineann sé le dlí an Aontais Eorpaigh. Níl feidhm ag Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir le gach cás de shárú líomhnaithe ar chearta bunúsacha. De réir Airteagal 51(1) de, tá feidhm ag an gCairt maidir le:

[2] An Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ballstáit nuair atá siad ag cur dlí an Aontais Eorpaigh chun feidhme, agus nuair dhéanann siad sin amháin.

I gcásanna nach amhlaidh sin, is faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go ndéantar cearta bunúsacha a urramú agus a chosaint go héifeachtach i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Dá bhrí sin, níl sé d'inniúlacht ag an Coimisiún idirghabháil a dhéanamh ina leith sin.

Ina theannta sin, níl aon dlí de chuid an Aontais ann lena gcuirtear cosc ar dhifríochtaí sa chóir a chuirtear ar dhaoine san ionad oibre ar an bhforas gur vacsaíníodh nó nár vacsaíníodh duine. Go háirithe, níl aon fhoráil AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, a bhainfeadh le rochtain ar an láthair oibre ag brath ar vacsaíniú an duine. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé reachtaíocht a rith, dá mba gá leis, sa réimse sin.

Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon fhoras ann chun an cás seo a shaothrú a thuilleadh agus gur cheart an cás seo a dhúnadh.

Mar sin féin, má tá aon fhaisnéis nua ag na gearánaigh a thugann le fios go ndearna an Iodáil sárú ar dhlí an Aontais nach mbaineann an measúnú thuasluaite leis agus a d'fhéadfadh gur ghá an gearán a scrúdú tuilleadh, iarrtar orthu an fhaisnéis nua sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh laistigh de cheithre seachtaine ó fhoilsiú an fhógra seo. Mura bhfaightear aon fhaisnéis nua laistigh de cheithre seachtaine, sin nó mura dtagann conclúid eile as an bhfaisnéis nua a fuarthas, féadfaidh an Coimisiún an cás a dhúnadh.



и A ríomhshíníodh an 05/05/2022 09:49 (UTC+02) i gcomhréir le hAirteagal 11 de Chinneadh (AE) 2021/2121 ón gCoimisiún